C/2024/3108

6.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11461 — KUWAIT PETROLEUM ITALIA / FOX PETROLI / ECO FOX)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3108)

1. An 26 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Kuwait Petroleum Italia S.p.A. ('Kupit', an Iodáil), faoi rialú Kuwait Petroleum Corporation ('KPC' Cuáit),

— Fox Petroli S.p.A. ('Fox Petroli', an Iodáil), faoi rialú Fox Petrolifera Italiana S.p.A. ('Fox Petrolifera', an Iodáil) atá faoi úinéireacht phríobháideach daoine aonair a rialaíonn gnóthas amháin eile ar a laghad,

— Eco Fox S.r.l. ('Eco Fox', an Iodáil).

Gheobhaidh Kupit agus Fox Petroli rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Eco Fox.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Kupit gníomhach i ndáileadh breosla, díoladh bealaí agus breoslaí le haghaidh úsáid mhuirí agus eitlíochta, agus táirgeadh bithbhreoslaí,

— Tá Fox Petroli gníomhach in iompar, stóráil, próiseáil agus margú táirgí peitriliam, bithbhreoslaí, agus a sheachtháirgí.

3. Tá Eco Fox gníomhach i dtáirgeadh agus tráchtálú bithbhreoslaí agus seachtháirgí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11461 — KUWAIT PETROLEUM ITALIA / FOX PETROLI / ECO FOX

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË